Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8546/21**

**AGRI 207**
**AGRILEG 98**
**ENV 286**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Stáidéar ar stádas teicnící nua géanómaíocha<br>- *Malartú tuairimí* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn, nóta cúlra ón Uachtaránacht don mhalartú tuairimí maidir leis an ábhar thuasluaite agus a bheidh ann ag an gcruinniú den Chomhairle (‘Talmhaíocht agus Iascach’) an 26 agus an 27 Bealtaine 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**NÓTA CÚLRA MAIDIR LE**

**Stádas Teicnící Nua Géanómaíocha – Obair leantach ar staidéar an Choimisiúin**

1. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le teicnící nua géanómaíocha a fhorbairt, rud a fhágann go bhfuil éiginnteacht ann maidir le cé acu an dtagann nó nach dtagann na teicnící nua sin faoin sainmhíniú ar orgánach géinmhodhnaithe (OGM) agus an bhfuil táirgí a fhaightear trí theicnící nua géanómaíocha faoi réir reachtaíocht an Aontais maidir le OGManna.

2. Soiléiríodh, í mbreithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-528/16 go bhfuil feidhm ag reachtaíocht an Aontais maidir le OGManna, go háirithe Treoir 2001/18/CE, maidir le teicnící nua só-ghinis. Mar sin féin, tháinig ceisteanna praiticiúla chun cinn maidir le táirgí nach féidir a dhéanamh amach ina leith ar táirgeadh iad trí theicnící nua só-ghinis nó trí shóchán nádúrtha.

3. D'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh i bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-528/16 maidir le stádas teicnící núíosacha géanómaíocha faoi dhlí an Aontais. Thíolaic an Coimisiún an staidéar sin an 29 Aibreán 2021.

4. Is é tátal an staidéir go bhfuil dúshláin shoiléire chur chun feidhme ag roinnt leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe agus go n-éilítear léiriú dlíthiúil conspóideach ina leith chun aghaidh a thabhairt ar theicnící nua agus ar chuir i bhfeidhm nua. Tá comharthaí láidre ann nach bhfuil sí oiriúnach don fheidhm i gcás roinnt teicnící géanómaíocha nua agus a dtáirgí, agus gur gá í a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch.

5. Bunaithe ar thátal an staidéir, measann an Coimisiún go bhfuil gá le gníomhaíocht, ní hamháin chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna praiticiúla as a n-eascraíonn iarraidh na Comhairle, ach chun tairbhe a bhaint as an nuálaíocht freisin chun cur le hinbhuaine agus athléimneacht chóras agraibhia an Aontais agus le cuspóirí Chomhaontú Glas na hEorpa agus go háirithe na straitéisí 'ón bhfeirm go dtí an forc' agus na straitéisí bithéagsúlachta.

6. Chuir an Coimisiún in iúl don Chomhairle go bhfuil rún aige tús a chur le gníomhaíocht beartais maidir le plandaí a dhíorthaítear ó shó-ghineas spriocdhírithe agus ó chisgineas, agus déanfar measúnú tionchair mar chuid den ghníomhaíocht sin. Maidir le horgánaigh eile (ainmhithe agus miocrorgánaigh) agus teicnící nua géanómaíocha eile, tá rún ag an gCoimisiún leanúint den eolas eolaíoch is gá a fhorbairt, i bhfianaise tuilleadh gníomhaíochtaí beartais a d'fhéadfaí a dhéanamh.

7. Is é is aidhm leis an ngníomhaíocht beartais atá beartaithe i leith plandaí a dhíorthaítear ó shó-ghineas spriocdhírithe agus ó chisgineas, go ndéanfar maoirseacht rialála chomhréireach ar na táirgí plandaí ábhartha, lena ngabhfaidh ardleibhéil sábháilteachta agus breisluach soiléir d'fheirmeoirí, don tsochaí agus don chomhshaol.

8. Is saincheist theicniúil chasta atá i dteicnící géanómaíocha nua. Ina theannta sin, is ábhar iad freisin a mbíonn scoilt ina leith idir na tuairimí atá ag geallsealbhóirí agus sa tsochaí i gcoitinne, agus is minic a bhíonn na geallsealbhóirí agus an tsochaí amhrasach fúthu, go háirithe nuair a bhíonn táirgeadh bia i gceist. Ní mór na peirspictíochtaí éagsúla agus na príomh-shaincheisteanna atá i gceist a chur san áireamh sa díospóireacht pholaitiúil.

9. Iarraimid ar na hairí ag an gcruinniú den Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 26-27 Bealtaine 2021 páirt a ghlacadh i malartú tuairimí ar bhonn na gceisteanna seo a leanas:

*a)* *Cad a cheapann tú faoi thátal staidéar an Choimisiúin i gcoitinne, agus cé chomh fada is a aontaíonn tú leis an tátal sin, agus go háirithe go bhfuil gá le tús a chur le gníomhaíocht beartais*

*b)* *Cad é do thuairim faoin díriú a bheith beartaithe ar phlandaí (seachas ar ainmhithe agus ar mhiocrorgánaigh), agus ar shó-ghineas spriocdhírithe agus ar chisgineas (seachas ar theicnící nua géanómaíocha eile)?*

*c)* *Cá mhéad ba cheart a chur san áireamh sa chinnteoireacht eolaíochtbhunaithe (i) ní hamháin rioscaí ach tairbhí d'inbhuaine táirgí ó theicnící géanómaíocha nua agus (ii) tosca dlisteanacha eile, amhail ionchais tomhaltóirí agus dearcthaí na sochaí?*

*d)* *Conas is féidir linn a áirithiú go mbeidh díospóireacht oscailte agus rannpháirtíochta ann maidir le ceapadh rialála nua agus maidir leis an rialáil sin a chur chun feidhme?*

---